C/2025/6561

8.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12170 — CRRC / GRAMPET / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6561)

1. An 19 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CRRC Shandong Wind Power Co. Ltd. ('CRRC Shandong Wind Power', an tSín), atá faoi rialú CRRC Group Corporation Co., Ltd (an tSín),

— Grampet Group ('Grampet', an Rómáin).

Gheobhaidh CRRC Shandong Wind Power agus Grampet rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán an Aontais um Chumaisc, ar chomhfhiontar úrnua.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Shandong Wind Power Company gníomhach i monarú trealaimh cumhachta gaoithe agus i soláthar seirbhísí feirme gaoithe ar fud an domhain. Rud atá ábhartha don chomhchruinniú atá beartaithe, déanann sé vaigíní lastais iarnróid sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a mhonarú agus a dhíol freisin trí fhochuideachta ar lánúinéireacht,

— Tá Grampet gníomhach in iompar lasta iarnróid príobháideach, go príomha in Oirdheisceart na hEorpa. Áirítear ar a chuid oibríochtaí freisin cóistí paisinéirí agus vaigíní lasta a mhonarú, a chothabháil agus a dheisiú, chomh maith le seirbhísí lóistíochta lasta agus seirbhísí léasaithe vaigíní a sholáthar.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar vaigíní lastais iarnróid nuathógtha a chóimeáil, a mhonarú agus a dhíol. San fhadtéarma, d'fhéadfadh sé a bheith gníomhach i seirbhísí iardhíola san Ungáir, ag díriú ar dheiseanna margaidh ar fud na hEorpa, na hAfraice Thuaidh agus an Mheánoirthir

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12170 — CRRC / GRAMPET / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË